Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5400/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0003(NLE)**

**ACP 5**
**COAFR 19**
**RELEX 35**
**WTO 9**
**UD 5**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Eanáir 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 5 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste CCE arna bhunú leis an gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh an Phrótacail lena sainmhínítear an coincheap 'táirgí tionscnaimh' agus na modhanna comhair riaracháin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 5 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 5 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.1.2024
COM(2024) 5 final

2024/0003 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste CCE arna bhunú leis an gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh an Phrótacail lena sainmhínítear an coincheap 'táirgí tionscnaimh' agus na modhanna comhair riaracháin**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le Cinneadh lena mbunaítear an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gCoiste CCE arna bhunú leis an gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh an Phrótacail atá beartaithe a ghabhann leis an gComhaontú a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus na modhanna comhair riaracháin.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile

Rinne Camarún an Comhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) a shíniú in Yaoundé an 15 Eanáir 2009 agus rinne an tAontas Eorpach (dá ngairtear an 'tAontas' anseo feasta) é a shíniú sa Bhruiséil an 22 Eanáir 2009[1], agus chuir Camarún i bhfeidhm é ar bhonn sealadach ón 4 Lúnasa 2014. Is í Poblacht Chamarún an t-aon tír ó Pháirtí na hAfraice Láir a shínigh an Comhaontú. Tá an Comhaontú oscailte do thíortha eile i réigiún na hAfraice Láir a bhfuil suim acu páirt a ghlacadh ann.

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú na nithe seo a leanas a dhéanamh: (a) a chur ar a chumas do Pháirtí na hAfraice Láir tairbhe a bhaint as an rochtain fheabhsaithe ar an margadh a chuireann an tAontas ar fáil; (b) forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe Pháirtí na hAfraice Láir a chur chun cinn agus a lánpháirtiú de réir a chéile sa gheilleagar domhanda a neartú; (c) limistéar saorthrádála a bhunú idir an tAontas Eorpach agus Páirtí na hAfraice Láir bunaithe ar an leas coiteann, trí léirscaoileadh céimnitheach na trádála i gcomhréir le rialacha infheidhme na hEagraíochta Domhanda Trádála agus i gcomhréir le prionsabal na neamhshiméadrachta, agus riachtanais shonracha agus srianta acmhainneachta Pháirtí na hAfraice Láir á gcur san áireamh maidir le leibhéal agus uainiú na ngealltanas a tugadh; (d) socruithe iomchuí um réiteach díospóidí a bhunú agus (e) socruithe institiúideacha iomchuí a bhunú.

### 2.2. COISTE CCE

Is comhlacht é Coiste an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche (Coiste CCE) a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 92 den Chomhaontú. Tá sé comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas agus ó Pháirtí na hAfraice Láir (dá ngairtear 'na Páirtithe' anseo feasta). Tá ionadaí ó gach ceann de na Páirtithe ina gcomhchathaoirligh air. Glacfaidh Coiste CCE a rialacha nós imeachta.

Beidh Coiste CCE freagrach as na réimsí uile a chumhdaítear leis an gComhaontú sin a riar agus as na cúraimí uile dá dtagraítear sa Chomhaontú sin a chur i gcrích.

---

[1] Cinneadh 2009/152/CE ón gComhairle an 20 Samhain 2008 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Eatramhaigh d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile (IO L 57, 28.2.2009, lch. 1).

Déileálfaidh Coiste CCE le gach ábhar is gá chun an Comhaontú a chur chun feidhme, lena n-áirítear comhar um fhorbairt. Agus a dhualgais á gcomhlíonadh ag Coiste CCE, féadfaidh sé (a) na coistí agus comhlachtaí speisialta is gá chun an Comhaontú a chur chun feidhme a bhunú agus maoirseacht a dhéanamh orthu; b) teacht le chéile aon tráth a chomhaontóidh na Páirtithe; c) gach ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú a scrúdú agus tionscnaimh iomchuí a ghlacadh i gcomhlíonadh a dhualgas; d) cinntí nó moltaí a dhéanamh sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú; agus (e) leasuithe ar an gComhaontú a ghlacadh.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Coiste CCE

Ag an gcéad chruinniú eile in 2024 nó trí nós imeachta i scríbhinn, ní mór do Choiste CCE cinneadh a ghlacadh maidir le glacadh an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, mar a comhaontaíodh idir na Páirtithe i mí Iúil 2023 (dá ngairtear 'an gníomh atá beartaithe' anseo feasta).

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe comhchóras cómhalartach a bhunú lena rialófar na rialacha tionscnaimh.

Tháinig an gníomh i bhfeidhm gan comhchóras cómhalartach a bhunú lena rialófar na rialacha tionscnaimh. De bhun Airteagal 13(2) den Chomhaontú, bunóidh na Páirtithe 'comhchóras cómhalartach lena rialófar na rialacha tionscnaimh [a chuirfear] i gceangal leis an gComhaontú seo'. Is é Coiste CCE a chuirfidh an córas nua sin i gceangal leis an gComhaontú.

In éagmais an chórais sin, tá feidhm ag na forálacha maidir leis na rialacha tionscnaimh atá in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1076[2] an 8 Meitheamh 2016 lena gcuirtear i bhfeidhm na socruithe do tháirgí de thionscnamh stát áirithe ar cuid iad de Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC) dá bhforáiltear i gcomhaontuithe lena mbunaítear comhaontuithe um chomhpháirtíocht eacnamaíoch, nó as a dtagann bunú na gcomhaontuithe sin (dá ngairtear 'an Rialachán maidir le Rochtain ar an Margadh' anseo feasta) maidir leis na honnmhairí ó Chamarún chuig an Aontas Eorpach. Maidir le honnmhairí ón Aontas go Camarún, tá feidhm ag na rialacha tionscnaimh a shainítear i bhForaithne Uimh. 2016/367 an 3 Lúnasa 2016 a ghlac Camarún.

Cuirfidh an Prótacal córas níos fabhraí agus níos cómhalartaí in ionad na rialacha tionscnaimh is infheidhme, mar a luaitear sa mhír roimhe seo. I gcomhréir le hAirteagal 13(2) agus le hAirteagal 108 den Chomhaontú, cuirfear an Prótacal i gceangal leis an gComhaontú agus beidh sé ina chuid dhílis den Chomhaontú.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Thug na Páirtithe an chaibidlíocht i gcrích maidir leis an bPrótacal a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus na modhanna comhair riaracháin i mí an Mheithimh 2022 ag an séú cruinniú de Choiste CCE agus dheimhnigh siad téacs deiridh an Phrótacail i mí Iúil 2023 ag an seachtú cruinniú de Choiste CCE. Ionchorpraítear sa Phrótacal a comhaontaíodh na forbairtí is déanaí maidir le rialacha tionscnaimh, lena n-áirítear na forbairtí sin a comhaontaíodh sna prótacail is déanaí maidir le rialacha tionscnaimh faoi CCEnna le Grúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC). Na

[2] Rialachán (UE) Uimh. 2016/1076 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 lena gcuirtear i bhfeidhm na socruithe do tháirgí de thionscnamh stát áirithe ar cuid iad de Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC) dá bhforáiltear i gcomhaontuithe lena mbunaítear comhaontuithe um chomhpháirtíocht eacnamaíoch, nó as a dtagann bunú na gcomhaontuithe sin (IO L 185, 8.7.2016, lch. 1).

rialacha tionscnaimh a cuireadh i bhfeidhm ó tháinig an Comhaontú i bhfeidhm, ní léiríonn siad na forbairtí is déanaí i réimse na rialacha tionscnaimh, rud atá ina chúis le bacainní a chuireann cosc ar an gcóir fhabhrach agus chómhalartach dá bhforáiltear sa Chomhaontú. Tiocfaidh simpliú agus solúbthacht as an gcóras nua, ar córas é atá níos fabhraí agus níos cómhalartaí chun na ceanglais agus na nósanna imeachta a bhaineann le rialacha tionscnaimh a chomhlíonadh. Leis an simpliú sin déanfar trádáil a éascú agus úsáid na córa fabhraí a bharrfheabhsú le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha. Ina theannta sin, leis na rialacha tionscnaimh nua atá sa Phrótacal, cuirfear lánpháirtiú réigiúnach agus forbairt eacnamaíoch chun cinn i Stáit na hAfraice Láir trí é a éascú d'oibreoirí na rialacha tionscnaimh a chomhlíonadh.

Is gá an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú a ghlacadh, a bhfuil ceannteidil agus tuairiscí ar earraí in Iarscríbhinn II de, atá ailínithe le hAinmníocht CC agus atá comhsheasmhach le Córas Comhchuibhithe (CC) na hEagraíochta Domhanda Custaim (EDC).

Leis an gcinneadh atá beartaithe cuirfear ar a chumas don Aontas a chuid oibleagáidí faoi fhorálacha an Chomhaontaithe a chomhlíonadh. Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste CCE a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh sin ceangailteach ar an Aontas.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*'.

Cumhdaítear leis an gcoincheap '*gníomhartha...a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[3].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Coiste CCE a bunaíodh le comhaontú, mar atá an Comhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile.

An gníomh a iarrtar ar Choiste CCE a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú.

Ní fhorlíontar ná ní leasaítear leis an ngníomh atá beartaithe creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an Chinnidh atá beartaithe.

3 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Na prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chuid de ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na codanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó príomhchuid agus an ceann eile mar aidhm nó cuid theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear faoin bpríomhaidhm nó faoin bpríomhchuid.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE an bunús substainteach dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 207(3) agus (4), an chéad mhír, CFAE ba cheart a bheith i mbunús dlí an chinnidh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go nglacfaidh gníomh Choiste CCE Prótacal a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus na modhanna comhair riaracháin a ghabhann leis an gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2024/0003 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste CCE arna bhunú leis an gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh an Phrótacail lena sainmhínítear an coincheap 'táirgí tionscnaimh' agus na modhanna comhair riaracháin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(3) agus (4), an chéad mhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) i gcrích, de bhua Chinneadh 2009/152/CE ón gComhairle[4], agus chuir Camarún i bhfeidhm é ar bhonn sealadach ón 4 Lúnasa 2014.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú, féadfaidh Coiste CCE comhchóras cómhalartach a ghlacadh lena rialófar na rialacha tionscnaimh.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 13(2) agus le hAirteagal 108 den Chomhaontú, déanfar an comhchóras cómhalartach lena rialaítear na rialacha tionscnaimh a chur i gceangal leis an gComhaontú i bhfoirm Prótacail lena sainítear an coincheap 'táirgí tionscnaimh' agus na modhanna comhair riaracháin agus beidh sé ina chuid dhílis den Chomhaontú.

(4) Ag an gcruinniú bliantúil a bheidh ag Coiste CCE in 2024 nó trí nós imeachta i scríbhinn, ba cheart dó cinneadh a ghlacadh maidir leis an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú lena sainítear an coincheap 'táirgí tionscnaimh' agus na modhanna comhair riaracháin.

(5) Cuirtear san áireamh sa Phrótacal a comhaontaíodh na forbairtí is déanaí, chun rialacha tionscnaimh níos solúbtha agus níos simplithe a sholáthar, d'fhonn trádáil a éascú d'oibreoirí eacnamaíocha agus an leas is fearr is féidir a bhaint as cóir fhabhrach faoin gComhaontú.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste CCE a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh sin ceangailteach ar an Aontas,

[4] IO L 57, 28.2.2009, lch. 1.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is ar an dréachtchinneadh ó Choiste CCE atá i gceangal leis an gCinneadh seo a bhunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú bliantúil eile de Choiste CCE arna bhunú leis an gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, a ghlacadh, a mhéid a bhaineann le glacadh cinnidh ó Choiste CCE maidir leis an bPrótacal lena sainítear an coincheap 'táirgí tionscnaimh' agus na modhanna comhair riaracháin.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*